Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10622/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0134(NLE)**

**ACP 61**
**COAFR 212**
**COLAC 74**
**COASI 83**
**RELEX 741**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 238 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d’Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 238 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 238 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2024
COM(2024) 238 final

2024/0134 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna chéad chruinnithe de na hinstitiúidí comhpháirteacha a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de pháirt agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile, comhaontú a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (‘an Comhaontú’).

De réir an Chomhaontaithe, glacfaidh gach Institiúid Chomhpháirteach a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Is iad seo a leanas Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC a chumhdaítear leis an togra seo: Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin

Is é is aidhm don Chomhaontú seo comhpháirtíocht pholaitiúil níos láidre a bhunú idir na Páirtithe chun torthaí a théann chun tairbhe don dá thaobh a chruthú i dtaobh spéiseanna coitinne trasnacha agus i gcomhréir lena luachanna comhroinnte. Cuireadh an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2024 ann i gcomhréir le hAirteagal 98(4). Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm tar éis do na Páirtithe a nósanna imeachta inmheánacha féin a chur i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 98(2) den Chomhaontú.

Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit uile ina bpáirtithe sa Chomhaontú[1].

Beidh gach cruinniú de Chomhairle na nAirí AE-ESACC agus de na Comhairlí Réigiúnacha Airí faoi chomhchathaoirleacht an Chathaoirligh a ainmneoidh comhaltaí ESACC/Páirtithe Stáit na hAfraice, na Cairibe agus an Aigéin Chiúin faoi seach de pháirt agus an Chathaoirligh a ainmneoidh páirtí an Aontais den pháirt eile. Ar thaobh an Aontais, ba cheart d’Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a bheith ina Chathaoirleach ar Chomhairle na nAirí AE-ESACC agus ar gach Comhairle Réigiúnach Airí ina cháil mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (dá ngairtear ‘AI/LU’ anseo feasta) agus/nó mar Choimisinéir de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

### 2.2. Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC

De bhun Airteagal 86(1) den Chomhaontú, is iad seo a leanas Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, ar leibhéal chomhaltaí pháirtí ESACC agus an Aontais: Comhairle na nAirí AE-ESACC, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA ESACC-AE) agus Comhthionól Parlaiminteach AE-ESACC. I gcás gach ceann de na Prótacail Réigiúnacha, is iad seo a leanas na hinstitiúidí comhpháirteacha: Comhairle Airí

[1] Cinneadh ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 2023/2861, 28.12.2023)..

AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Afraic, Tionól Parlaiminteach AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhchoiste AE-an Chairib, Tionól Parlaiminteach AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin agus Tionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin.

Glacadh rialacha Nós Imeachta Comhthionól Parlaiminteach ESACC-AE, Thionól Parlaiminteach AE-an Afraic, Thionól Parlaiminteach AE-an Chairib agus Thionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin ag na chéad chruinnithe de na ceithre Thionól Pharlaiminteacha nua, a reáchtáladh idir an 19 agus an 21 Feabhra 2024 i Luanda na hAngóla, i gcomhréir le hAirteagal 90(3) den Chomhaontú.

*2.2.1. Comhairle na nAirí AE-ESACC*

De bhun Airteagal 88 den Chomhaontú, is é a bheidh i gComhairle na nAirí AE-ESACC, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta. Is é an Cathaoirleach a ainmneoidh Comhaltaí ESACC, ar thaobh amháin, agus an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí an Aontais, ar an taobh eile, a dhéanfaidh comhchathaoirleacht uirthi.

Tiocfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC le chéile i gcruinniú i bprionsabal gach 3 bliana agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, i bhfoirm agus i gcomhdhéanamh is iomchuí do na saincheisteanna a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu. Féadfaidh breathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe de réir mar is iomchuí.

Féadfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC coistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, amhail saincheisteanna trádála agus airgeadais forbartha. Féadfaidh sí cumhachtaí a tharmligean chuig COSLA ESACC-AE freisin.

Is iad seo a leanas feidhmeanna Chomhairle na nAirí AE-ESACC:

(a) Treoir straitéiseach pholaitiúil a sholáthar;

(b) Maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach an Chomhaontaithe seo;

(c) Treoirlínte beartais a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha is gá chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chur chun feidhme; agus

(d) Comhsheasaimh a ghlacadh, gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhaontú maidir le comhar idirnáisiúnta agus comhordú a éascú in eagraíochtaí agus i bhfóraim idirnáisiúnta.

Glacfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC cinntí atá ceangailteach ar na Páirtithe uile mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear thuas de chomhthoil na bPáirtithe.

Féadfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC cinntí nó moltaí a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh aon cheann de na Páirtithe a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha a leagtar síos thuas maidir leis an nós imeachta i scríbhinn.

*2.2.2. Comhairle Réigiúnach na nAirí*

De bhun Airteagal 92(1) den Chomhaontú, bunaíonn na páirtithe sa Chomhaontú freisin Comhairle Airí le haghaidh gach ceann de na trí Nós Imeachta Réigiúnacha den Chomhaontú.

Is é a bheidh i gComhairle Airí AE-an Afraic, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Páirtí Stáit san Afraic ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta. Is é an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí Stáit na hAfraice, ar thaobh amháin, agus an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí an Aontais, ar an taobh eile, a dhéanfaidh comhchathaoirleacht uirthi, de réir a nósanna imeachta féin.

Is é a bheidh i gComhairle Airí AE-an Chairib, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Páirtí Stáit sa Chairib ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta. Is é an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí Stáit na Cairibe, ar thaobh amháin, agus an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí an Aontais, ar an taobh eile, a dhéanfaidh comhchathaoirleacht uirthi, de réir a nósanna imeachta féin.

Is é a bheidh i gComhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Páirtí Stáit san Aigéan Ciúin ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal aireachta. Is é an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí Stáit an Aigéin Chiúin, ar thaobh amháin, agus an Cathaoirleach a ainmneoidh Páirtí an Aontais, ar an taobh eile, a dhéanfaidh comhchathaoirleacht uirthi, de réir a nósanna imeachta féin.

Is iad seo a leanas feidhmeanna gach Comhairle Réigiúnaí Airí:

(a) Tosaíochtaí a leagan síos, agus de réir mar is iomchuí, pleananna gníomhaíochta a leagan síos i ndáil leis na cuspóirí ina bPrótacal Réigiúnach féin;

(b) Cinntí a ghlacadh agus moltaí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha dá bPrótacal Réigiúnach féin, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le hathbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar an bprótacal, i gcomhréir le hAirteagal 99(5); beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe uile sa Phrótacal Réigiúnach faoi seach, mura sonraítear a mhalairt; agus

(c) plé a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú maidir le haon saincheist leasa choitinn.

Glacfaidh gach Comhairle Réigiúnach Airí cinntí nó déanfaidh sí moltaí de chomhthoil.

Maidir le gach Comhairle Réigiúnach Airí:

(a) Féadfaidh siad cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn; beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 88 maidir le nós imeachta i scríbhinn Chomhairle Réigiúnach na nAirí;

(b) Féadfaidh siad fochoistí agus meithleacha a bhunú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, agus féadfaidh siad cumhachtaí a tharmligean chuig a gComhchoiste Réigiúnach féin;

(c) Cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid Chomhairle na nAirí AE-ESACC ar chur chun feidhme a bPrótacail féin.

### *2.2.3. Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA ESACC-AE)*

Is é a bheidh in COSLA ESACC-AE, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus Ard-Rúnaí ESACC i gcáil *ex officio* agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal sinsearach.

Tiocfaidh COSLA ESACC-AE le chéile i gcruinniú ar bhonn bliantúil agus ag seisiúin speisialta arna iarraidh sin do na Comhchathaoirligh, agus go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh sheisiúin Chomhairle na nAirí AE-ESACC. Is iad na Páirtithe céanna

atá ina gComhchathaoirligh ar Chomhairle na nAirí AE-ESACC a dhéanfaidh comhchathaoirleacht air. Déanfaidh sé a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe. Féadfaidh breathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe de réir mar is iomchuí.

Ullmhóidh Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA ESACC-AE) seisiúin Chomhairle na nAirí AE-ESACC agus tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chur i gcrích agus comhlíonfaidh sé aon sainordú a thugann Comhairle na nAirí AE-ESACC dó.

*2.2.4. Na Comhchoistí Réigiúnacha*

Is é a bheidh i gComhchoiste AE-an Afraic, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC san Afraic ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh. Is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar Chomhairle Airí AE-an Afraic a dhéanfaidh comhchathaoirleacht air. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil. Ullmhóidh sé na seisiúin agus tabharfaidh sé cúnamh do Chomhairle Airí AE-an Afraic a chúraimí a chur i gcrích agus aon sainordú a thugann Comhairle Airí AE-an Afraic dó a chomhlíonadh.

Is é a bheidh i gComhchoiste AE-an Chairib, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC sa Chairib ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh. Is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar Chomhairle Airí AE-an Chairib a dhéanfaidh comhchathaoirleacht air. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil. Ullmhóidh sé na seisiúin agus cabhróidh sé le Comhairle Airí AE-an Chairib a cúraimí a thabhairt i gcrích agus aon sainordú a thugann Comhairle Airí AE-an Chairib dó a chomhlíonadh.

Is é a bheidh i gComhchoiste AE-an tAigéan Ciúin, ar thaobh amháin, ionadaí do gach Comhalta ESACC san Aigéan Ciúin ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh. Is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin a dhéanfaidh comhchathaoirleacht air. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ar thogra aon Pháirtí tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil. Ullmhóidh sé na seisiúin agus tabharfaidh sé cúnamh do Chomhairle Airí an tAigéan Ciúin-AE a chúraimí a chur i gcrích agus aon sainordú a thugann Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin dó a chomhlíonadh.

## 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag na chéad chruinnithe d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC

Ag na chéad chruinnithe, tá gach Institiúid Chomhpháirteach AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA ESACC-AE), Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin, le Cinneadh a ghlacadh maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta féin ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir do gach gníomh atá beartaithe Rialacha Nós Imeachta Chomhairle na nAirí AE-ESACC, Chomhairle Airí AE-an Afraic, Chomhairle Airí AE-an Chairib, Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE

(COSLA ESACC-AE), Chomhchoiste AE-an Afraic, Chomhchoiste AE-an Chairib agus Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin a leagan síos.

Beidh an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhairle na nAirí AE-ESACC ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 88(5) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'Glacfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC cinntí atá ina gceangal ar na Páirtithe uile'. De bhun Airteagal 88(7), glacfaidh Comhairle na nAirí AE-ESACC a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Beidh an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Afraic ina cheangal ar Pháirtí an Aontais agus ar Chomhaltaí ESACC san Afraic i gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe uile sa Phrótacal Réigiúnach faoi seach'. De bhun Airteagal 92(4)(d), glacfaidh Comhairle Airí AE-an Afraic a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Beidh an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Chairib ina cheangal ar Pháirtí an Aontais agus ar Chomhaltaí ESACC sa Chairib i gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe uile sa Phrótacal Réigiúnach faoi seach'. De bhun Airteagal 92(4)(d), glacfaidh Comhairle Airí AE-an Chairib a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Beidh an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin ina cheangal ar Pháirtí an Aontais agus ar Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin i gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe uile sa Phrótacal Réigiúnach faoi seach'. De bhun Airteagal 92(4)(d), glacfaidh Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Tá an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE de bhun Airteagal 89(3) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'Glacfaidh COSLA ESACC-AE a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aige, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Tá an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Afraic de bhun Airteagal 93(4) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'Glacfaidh gach Comhchoiste Réigiúnach a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aige, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo'.

Tá an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Chairib de bhun Airteagal 93(4) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'Glacfaidh gach Comhchoiste Réigiúnach a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aige, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo'.

Tá an gníomh atá beartaithe lena leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin de bhun Airteagal 93(4) den Chomhaontú, lena ndéantar an fhoráil seo a leanas: 'Glacfaidh gach Comhchoiste Réigiúnach a rialacha nós imeachta ag an gcéad

chruinniú a bheidh aige, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo’.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Molann an Coimisiún go n-aontóidh an tAontas go nglacfar Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA ESACC-AE), Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin. Leagtar amach dréachtghníomh Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, i.e. na dréacht-Rialacha Nós Imeachta, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear ‘*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.’

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap ‘*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d’fhéadfadh ‘*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*’[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC a bhunaítear trí bhíthin comhaontaithe, is é sin an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), den pháirt eile.

An gníomh a n-iarrtar ar Chomhairle na n-Airí é a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlí leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 88(5) den Chomhaontú.

Na gníomhartha a n-iarrtar ar Chomhairle Airí AE-an Afraic, ar Chomhairle Airí AE-an Chairib agus ar Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin iad a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlí leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) den Chomhaontú.

An gníomh a n-iarrtar ar COSLA ESACC-AE é a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlí leis. Tá éifeachtaí dlí leis an ngníomh atá beartaithe, ós rud é go ndéanfar an cinneadh ó COSLA ESACC-AE de chomhthoil agus déanfar foráil ann maidir lena chúraimí a chur i gcrích agus aon sainordú a thugann Comhairle na nAirí AE-ESACC dó a chomhlíonadh faoi tharmligean cumhachtaí de bhun Airteagail 88(3) agus 89(2) den Chomhaontú.

---

[2] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Na gníomhartha a n-iarrtar ar Chomhchoiste AE-an Afraic, ar Chomhchoiste AE-an Chairib agus arChomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin iad a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlí leo, ós rud é go ndéantar foráil iontu maidir le cúraimí an Choiste a chur i gcrích agus aon sainordú a thugann Comhairle Réigiúnach na nAirí faoi seach dó a chomhlíonadh.

Leis an gníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le feidhmiú comhlachtaí a bhunaítear ar bhonn an Chomhaontaithe. I gcás cinntí lena bhformheastar rialacha nós imeachta comhlachtaí atá le maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe ar an iomlán, leanann an bunús dlí substainteach an bunús dlí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú ina iomláine[3]. Maidir leis sin, bunaítear bunús dlí substainteach Chinneadh 2023/2861 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe[4], ar Airteagal 217 CFAE. Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 217 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

[3] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 4 Meán Fómhair 2018, an Coimisiún Eorpach v Comhairle an Aontais Eorpaigh, C-244/17, ECLI:EU:C:2018:662, míreanna 39 go 40.

[4] Cinneadh ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 2023/2861, 28.12.2023)..

2024/0134 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna chéad chruinnithe d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra AE-ESACC, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas Eorpach, a Bhallstáit agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin ('Comhaltaí ESACC') é an 15 Samhain 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2024[5].

(2) Tá an Comhaontú le teacht i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a chuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus dhá thrian ar a laghad de Chomhaltaí ESACC i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin chun na críche sin agus a thaiscfidh siad le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ('an taisce') a sásraí lena gcuirtear in iúl a dtoil lena gceangal, agus cuirfidh an Ardrúnaíocht cóip dheimhnithe chuig Rúnaíocht ESACC.

(3) Déantar foráil maidir le feidhmeanna Comhairle na nAirí AE-ESACC in Airteagal 88(4) den Chomhaontú. Déantar foráil maidir le feidhmeanna gach Comhairle Réigiúnaí Airí in Airteagal 92(2) den Chomhaontú. Déantar foráil maidir le feidhmeanna COSLA ESACC-AE in Airteagal 89(2) den Chomhaontú. Déantar foráil maidir le feidhmeanna gach Comhchoiste Réigiúnaigh in Airteagal 93(3) den Chomhaontú.

(4) Ar thaobh an Aontais, ba cheart Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a bheith ina Chathaoirleach ar Chomhairle na nAirí AE-ESACC agus ar gach Comhairle Réigiúnach Airí ina cháil mar Leas-Uachtarán an

[5] Cinneadh ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 2023/2861, 28.12.2023)..

Choimisiúin Eorpaigh (dá ngairtear 'AI/LU' anseo feasta) agus/nó mar Choimisinéir de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

(5) Ba cheart do gach ceann d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC cinneadh maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le linn a chéad chruinnithe.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh maidir le rialacha nós imeachta gach ceann d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC a leagan síos thar ceann an Aontais sa Chomhairle, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa chéad chruinniú de gach ceann d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC, is iad sin Comhairle na nAirí AE-ESACC, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin, bunófar an seasamh sin ar dhréacht-rialacha nós imeachta éagsúla Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

(2) Féadfaidh ionadaithe an Aontais Eorpaigh laistigh d'Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC mioncheartúcháin theicniúla ar dhréacht-rialacha nós imeachta éagsúla Institiúidí Comhpháirteacha AE-ESACC atá i gceangal leis seo a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Ar thaobh an Aontais, beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ina Chathaoirleach ar Chomhairle na hAirí AE-ESACC agus ar gach Comhairle Réigiúnach Airí ina cháil mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh (dá ngairtear 'AI/LU' anseo feasta) agus/nó mar Choimisinéir de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*